Riachtanais Speisialta san Iarbhunscoil

Disléicse, Neamhord Comhordaithe Forbartha (Diospraicse) agus Uathachas:
Idirdhealú agus Socruithe Réasúnta sa Rang

National Educational Psychological Service

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Aidhmeanna

1. Cur síos ar phríomhghnéithe Dhisléicse, Neamhord Comhordaithe Forbartha (‘diospraicse’)DCD agus Neamhord Speictrim Uathaigh (ASD)
2. Cur síos ar riachtanais agus eispéireas dhaltaí leis na deacrachtaí thuasluaite - tuiscint
3. Idirdhealú, éascú agus socruithe réasúnta oiriúnacha do dhaltaí leis na deacrachtaí seo
4. Pointí ginearálta maidir le freastal ar dhaltaí le riachtanais speisialta

Disléicse san iarbhunscoil

Cad is disléicse ann?

Deacracht foghlama atá ina bac ar shealbhú chruinnis agus líofachta léitheoireachta agus scileanna litrithe. Tá na deacrachtaí ag an duine cé go bhfuair sé/sí **deiseanna** oiriúnacha foghlama agus tacaíocht **chuí.**

Tréith dhúchais

Síceolaí Oideachais a thugann diagnóis de disléicse i gcomhairle le h-oidí agus tuistí

Disléicse san iarbhunscoil

Príomhghnéithe -

Is minic go mbíonn deacrachtaí acu le **cuimhne fheidhmiúil** agus bíonn impleachtaí iomadúla acu maidir le scileanna litearthachta a thabhairt leo agus cruthaíonn sé deacrachtaí níos faide anonn agus trasna an churaclaim

Is éard atá sa CF do chumas eolas a stóráil go gearrtréimhseach le tasc(anna) a chur I gcrích nó fadhb(anna) a réiteach

Tá teorainn ar an gcumas seo scoláirí go leor in ann an t-eolas seo ar fad a choinneáil beo sa CF

Imríonn an CF an-thionchar freisin ar do chumas teanga a fhoghlaim – impleachtaí stór focal, tuiscint agus brí an téacs, imríonn sé seo tionchar ar chumas scileanna litearthachta agus cumas scríbhinn

Disléicse san iarbhunscoil

Príomhghnéithe

- Deacrachtaí léitheoireachta

- Léamh go mall go támáilte agus mílíofa
- Léamh míchruinn le botúin go leor
- Mall ag freagairt ceisteanna, go háirithe ceisteanna oscailte (próiseáil éadomhain – béim ar dhíchodú seachas léamh le próiseáil agus tuiscint)
- Ní thagann feabhas ar an luas léitheoireachta le cleachtadh agus forbairt/fás
- Stór focail agus eolas ginearálta teoranta de bharr easpa léitheoireachta - táthar á sheachaint

Disléicse san iarbhunscoil

deacrachtaí le litriú agus cur i láthair i scríbhinn

- Litriú an-lag (go háirithe sa dara teanga)
- Deacracht le gramadach, poncaíocht agus comhréir (de bharr easpa cleachtaidh léitheoireachta agus scríbhneoireachta)
- Profáil, scimeáil agus achoimriú deacair dóibh
- Deacrachtaí acu nótaí a ghlacadh agus ag cóipeáil ón gclár.
- Scileanna eagrúcháin/pleanála/láimhseáil an-mí aibí, pleanáil agus eagrú oibre scríofa lag
- Luas scríbhneoireachta/cumadóireachta mall
- Ábhar scríofa doléite (toisc an méid botún seachas peannaireacht)
- Cur i láthair ó bhéal i bhfad níos fearr ná i scríbhinn

Disléicse san iarbhunscoil

- **Príomhghnéithe (ar lean)**
- B'fhearr leis/léi ábhair nach bhfuil a lán téacsanna/teanga i gceist. Fearr leo na hábhair phraiticiúla (mata, eac. bhail. Adhmadóireacht, srl)
- **Buairt** orthu; eagla orthu go n-iarrfar orthu léamh os ard
- Iompar: an chiúin nó 'fear/bean grinn an ranga'
- Fonn éalaithe ón rang
- Féinmheas/féin íomhá diúltach

Disléicse san iarbhunscoil

- Socruithe réasúnta sna scrúduithe:
  - Cabhair léitheoireachta
  - Tarscaoileadh litrithe agus gramadaí
  - Peann léitheoireachta
  - Próiseálaí focal le ‘spellcheck’ (Gaelspell, MacLitriú)
  - Próiseálaí focal a athraíonn caint go téacs
  - Gléas taifeadta
  - Scríobhaí

  - ***N.B. Tábhachtach go mbeidh cleachtadh ag na daltaí ar na socruithe réasúnta a húsáid sa scoil***

Disléicse san iarbhunscoil

Don oide ábhair:

- **Tuiscint** ar an bpróifíl agus ar an scoláire **- an gaol**
- **Stíl Teagaisc –an cuimhne fheidhmiúil** bíodh béim ar an tsúil seachas an chluais maidir le tuiscint an ábhair
- Éascú ó thaobh foghlama agus saol na scoile - **An Teicneolaíocht Chabhrach**
- Má tá socruithe réasúnta ag dalta, ligint dóibh iad a úsáid chun obair bhaile/ trialacha inmheánacha a dhéanamh
- Ipod le nótaí a ghlacadh ón gclár
- ríomhaire glúine – téacsleabhair, obair bhaile *gaelspell*
- Úrscéalta/filíocht ar théip/dlúthdhiosca/comhad fuaime

Disléicse san iarbhunscoil

- Aischothú – ar thuig siad tú?
- Ábhar priontáilte/nótaí a sholáthar (achoimrí)
- Lig don dalta nótaí dalta eile a fhotochóipeáil
- Gan iarraidh ar dhalta léamh os ard (gan chéad roimh ré)
- Áireamhán
- Coimeád i dteagmháil le h-oide tacaíochta an dalta – obair as lámha a chéile

Neamhord Comhordaithe Forbartha (Diospraicse)

Príomhghnéithe

- Go minic deirtear go bhfuil na daltaí seo ‘místuama’
- Níl aon deacracht néareolaíoch ar na daltaí seo agus níl moill ghinearálta forbartha/foghlama i gceist
- Deacrachtaí ag daltaí i gcomhordú a gcuid gluaiseachtaí, a gcuid mothúcháin agus a gcuid smaointe
- Scileanna mínluaileacha agus/nó oll-luaileacha an-lag
- An *muscle tone* agus stoic na colainne lag
- Deacracht acu suí suas díreach, ag luí trasna an bhoird

Diospraicse

- Feasacht spásúlachta *spatial awareness* lag chomh maith
- ‘Ar seachrán’/caillte go minic ar champas na scoile \turais
- Próiseáil mall – rudaí déanta go támáilte
- Deacrachtaí le tascanna laethúla: ullmhúcháin agus easpa eagair
- An-deacracht na scileanna gluaiseachta sa saol laethúil a fhoghlaim

Diospraicse

Príomhghnéithe:

- Peannaireacht agus líníocht - éiríonn na lámha an-tuirseach go tapaigh - obair bhaile
- Turgnaimh Eolaíochta
- Ábhair phraiticiúla – adhmadóireacht, eac. bhaile
- Na hamharc-ealaíona ealaín, drámaíocht
- Corpoideachas (léim, breith, bualadh in aghaidh daoine)

Diospraicse

Príomhghnéithe eile:

- Deacracht smacht a choimeád ar a n-iompraíocht (caillltear an bloc go tapaidh)
- Deacrachtaí mothúcháin agus sóisialta
- Fadhbanna féinchabhair
- Scileanna eagrúcháin
- Teiripeoir Gairme/Fisiteiripeóir /néareolaí a thugann diagnóis DCD

Diospraicse

- Socruithe Réasúnta san scrúduithe (Míchumas fisiciúil): gá le tuairisc theiripe gairme/comhairleora a mholann an socrú:
  - Próiseálaí focal a athraíonn caint go téacs
  - Gléas taifeadta
  - Scríobhaí

Diospraicse

DON OIDE RANGA:

- **Tuiscint** ar an bpróifíl agus ar an scoláire **- an gaol**
- An bhfuil fadhbanna eile leis - urlabhra agus cainte, disléicse, ASD
- **Stíl Teagaisc\Foghlama –an próiseáil mall** gan teacht aniar aduaidh orthu – am le ceist a fhreagairt
- Má tá socruithe réasúnta ag dalta, ligean dóibh iad a úsáid chun obair bhaile/ trialacha inmheánacha a dhéanamh
- **Éascaíocht -- An Teicneolaíocht Chabhrach**
- Ipod le nótaí a ghlacadh ón gclár. Gléas taifead
- ríomhaire glúine – téacsleabhair, obair bhaile, *gaelspell*

Diospraicse

- Socruithe réasúnta i bhfeidhm don obair bhaile agus tionscnaimh- **an teicneolaíocht chabhrach - éascú**
- Idirdhealú ó thaobh na hoibre de; smaoinigh ar céard gur féidir leis/léi a dhéanamh go réalaíoch - ***bíonn blás ar an mbeagán- an morris minor***
- Gan dalta a dhúshlánú más léir go bhfuil sé/sí tar éis smacht a chailleadh ar a c(huid) mothúcháin. Fág é/í (mura bhfuil siad i mbaol iad féin a ghortú)
- "Pick your battles" (éide scoile, leabhair/trealamh srl.)
- Cúntóir Riachtanais Speisialta (ábhair phraiticiúla, chun sos/faoiseamh a thabhairt duitse agus an dalta)

Neamhord Speictrim Uathaigh san larbhunscoil



Diagnóiseacha eile fós a bheith sa gcomhaireamh · Deacrachtaí urlabhra agus cainte, disléicse, diospraicse, ADHD

Neamhord Speictrim Uathaigh san larbhunscoil

Trí mhór réimse de laigí:

1) Cumarsáid
2) Caidreamh soisialta
3) Lagú samhlaíochta/dolúbthacht i smaointe agus in iompraíocht
4) Deacrachtaí le bainistiú mothúchán agus na gcéadfaí

Tástáil ildisciplíneach dhiagnóiseach

Neamhord Speictrim Uathaigh san Iarbhunscoil

1) Deacrachtaí le **cumarsáid** le daoine eile:

- Easpa suime i gcumarsáid/sásta leis/léi féin
- Deacrachtaí plé le daoine
- Ag labhairt faoi na hábhair gur spéis leis/léi féin iontu gan smaoineamh ar an éisteoir
- Deireann sí rudaí mí-oiriúnacha nó as gcomhthéacs
- Ag athrá na gceisteanna céanna arís is arís eile

Neamhord Speictrim Uathaigh san larbhunscoil

2) Deacrachtaí le **caidreamh soisialta**:

- Féachaint sa tsúil
- Ró-chóngarach/spás pearsanta
- Caitheann sé/sí le gach duine mar an gcéanna gan idirdhealú; Míthuiscint ar cén chaoi deileáil le réimsí difriúla daoine: cairde, foireann scoile, strainséirí
- Fonn cairde a dhéanamh ach gan bheith in ann amhlaidh a dhéanamh – astú féin

Neamhord Speictrim Uathaigh san Iarbhunscoil

- 3) **Lagú samhlaíochta/Dolúbthacht i smaointe agus in iompraíocht**:
- Ní thaitníonn athrú sceidil/pleananna leis/léi – deacrachtaí acu le haistriú ó áit go háit
- Ní maith leo an timpeallacht neamhstruchtúrtha - ábhair churaclaim
- Righin san iompraíocht
- Próiseáil mall
- Iompraíocht fhéin- ionsaitheach - ar bheagán cumarsáid

Neamhord Speictrim Uathaigh san larbhunscoil

- Easpa tuisceana ar dhearcadh nó ar mhothúcháin daoine eile
- Nósanna ithe neamhghnácha acu
- Suimeanna faoi leith a thógann suas an-chuid ama
- Deacracht ginearálú a dhéanamh (ag úsáid scileanna a mhúintear i gcomhthéacsanna difriúla)
- Tógtar rudaí go litriúil (bunbhrí na bhfocal) - léamhthuiscint
- Deacrachtaí le próiseáil céadfach: maidir le fuaim, le boladh, le blas, le tadhall
- Croitheadh a gcuid lámha san aer, ag luascadh a gcoirp nó ag rothlú a gcoirp timpeall, dul anonn anall

Neamhord Speictrim Uathaigh san larbhunscoil

Saintréithe eile:

- Patrúin chodlata chorracha
- Seasamh nó siúl neamhghnách acu, deacrachtaí le scileanna mín\oll luaileacha
- Faiteach gan aon chúis faoi leith a bheith acu nó go mbeidh foibí orthu - scanraíonn easpa seasmhachta an tsaoil iad, nuair nach féidir leo é a thuar
- Cothaíonn na deacrachtaí seo ar fad fadhbanna mothúcháin agus meabhairshláinte

Neamhord Speictrim Uathaigh san larbhunscoil

LÁIDREACHTAÍ

- Cuimhne eisceachtúil
- An-mhacánta
- Béim ar na sonraí
- Poncúil agus díreach de réir na rialacha i gcónaí
- Ábhair spéise faoi leith, domhain eisceachtúil - oideachas tríú leibhéal

Neamhord Speictrim Uathaigh san Iarbhunscoil

- Socruithe Réasúnta san scrúduithe: míchumas fisiciúil nó a bhonn dheacracht meabhairshláinte (imní): gá le tuairisc theiripe gairme/comhairleora leighis a mholann an socrú:
  - Ionad aonair/roinnte (imní)
  - Gléas taifeadta
  - Scríobhaí

Neamhord Speictrim Uathaigh san larbhunscoil

SA RANG:

- An **Gaol** Tuiscint ar an bpróifíl chuile sheans duit seasamh roimh na deacrachtaí **Bunscoil \ Tuairisc**
- Meltdowns': Níos fearr iad a sheachaint- bí aireach do na comharthaí- frustrachas, cuma míshocair, Cuma míshásta. Cúntóir R.S. í chun é\í a shuaimhniú agus an fhoinse a fháil amach.
- Ranga thar a bheith struchtúrtha – gan teacht aniar aduaidh orthu
- Céadfaí barr an ranga
- **An Stil Foghlama** -straitéisí amhairc (pleananna, léaráidí)
- Léarscáileanna intinne

Neamhord Speictrim Uathaigh san larbhunscoil

- Bíonn fadhbanna le dánta, úrscéalta srl. (teibíocht) – leagain i bhfoirm scannán? Is féidir iad a stopadh agus a phlé (cúntóir riachtanais speisialta)
- Cabhair le h-eagrúcháin ag teastáil CRS ríomhaire glúine\ ipad
- Imeacht ó áit go háit – turas scoile
- Próiseáil mall
- Lig do na rudaí beaga imeacht….

Ábhar Machnaimh

- **Tuiscint** ar an bpróifíl agus ar an scoláire **- an gaol**
- **Stíl Teagaisc\Foghlama –**Idirdhealú ó thaobh leibhéil cumais, agus ábhair oideachais ag cur an phróifíl, na deacrachtaí agus cúlra an dalta san áireamh
- **an cuimhne fheidhmiúil** bíodh béim ar an tsúil seachas an chluais maidir le tuiscint an ábhair, **Próiseáil Mall** – tabhair am dó
- Idirdhealú ó thaobh céard leis a bhfuil tú ag súil ó thaobh iompair/féinsmacht/féin-eagair
- Éascú ó thaobh foghlama agus saol na scoile - **An Teicneolaíocht Chabhrach**
- Ethos na scoile - samhail na neide, áit do chuile dhuine
- Cur chuige comhoibríoch
  - le h-oidí tacaíochta
  - cúntóirí r.s.
  - tuismitheoirí

Bí foighneach leat féin agus leis an dalta. Má bhíonn droch-cheacht/drochlá agat, déan iarracht foghlaim uaidh.

Foinsí (i nGaeilge)

- https://www.sess.ie/sites/default/files/2016-09/Autism%20Autistic%20Spectrum%20Disorders%20Irish.pdf
- https://www.sess.ie/sites/default/files/Development%20Coordination%20Disorder%20Irish.pdf
- https://www.sess.ie/sites/default/files/Dyslexia%20Irish.pdf

https://www.education.ie/ga/Scoileanna-Coláist%C3%AD/Seirbh%C3%ADs%C3%AD/Acmhainn%C3%AD-Treoirl%C3%ADnte/Folláine-in-Iar-Bhunscoileanna-Achoimre-

Ar deireadh...

Go raibh míle maith agaibh as éisteacht liom